©MikeMacGloinn

Bí ag smaoineamh & ag caint

An féidir leatsa scéal na Nollag a insint?
An bhfuil an scéal iomlán sa phictiúr seo?
An maith leat an stíl seo ealaíona?
Cruthaigh do phictiúr féin ag baint úsáid as an stíl chéanna
(dubh ar chúlra bán nó ar chúlra eile).

Bí ag léamh

Léigh an dán seo faoi Oíche Nollag.

Sa dán seo céard a rinne daoine chun fáilte a chur roimh Mhuire agus Íosa?

An bhfágann sibhse an doras ar oscailt do Mhuire agus Íosa?

An bhfágann sibh coinneal ar lasadh san fhuinneog chun fáilte a chur rompu?

Oíche Nollag

Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha,
Tá fiacail an tseaca sa ghaoith ón gcnoc.
Adaigh an tine is téir chun na leapan.
Luífidh mac Dé ins an tigh seo anocht.

Fágaidh an doras ar leathadh ina coinne,
An mhaighdean a thiocfaidh is a naí ar a hucht,
Deonaigh do shuaimhneas a ligint, a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dtigh sin na haíochta.
Cóiriú gan caoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Máire Mhac an tSaoi

Cruthaigh pictiúir le dul leis na línte seo den dán

"*Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha"*

"Luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht"



Tionscnamh

An bhfuil aon eolas agat faoin Nollaig fadó?
Cén sórt traidisiúin a bhíodh ag daoine fadó agus an Nollaig á ceiliúradh acu?
(Cuir ceist ar do thuismitheoirí /do Mhamó /do Dhaideo faoin Nollaig nuair a bhí siadsan óg.)

Tá scéalta faoin Nollaig fadó ar an suíomh ***dúchas.ie***. Oscail an suíomh, cuir isteach an focal "Nollaig" agus roghnaigh scéal amháin le hinsint don rang.

Áine Ní Ghlinn